SeanadVoter.ie
VótálaíSeanad.ie

# Treoir Iarratais

## Treoracha céim ar chéim maidir le clárú do Thoghlach Ardoideachais Sheanad Éireann

**Conas clárú ar SeanadVoter.ie mar iarratasóir nua**

### Céim 1: Aimsigh an Tairseach Iarratais

Ar leathanach baile SeanadVoter.ie, aimsigh an chuid a deir 'Iarratasóir nua do thoghlach Ardoideachais Sheanad Éireann'.
Cliceáil 'Déan Iarratas Anois'.

### Céim 2: Déan Athbhreithniú ar na Critéir Chlárúcháin

Ar an leathanach tosaigh, déan athbhreithniú na critéir incháilitheachta. Ní mór duit a bheith:

a. i do shaoránach Éireanach, **agus**
b. 18 mbliana d'aois nó níos sine, **agus**
c. i do Chéimí ó institiuid ainmnithe.

Déan cinnte go bhfuil tú incháilithe chun iarratas a dhéanamh agus go bhfuil na doiciméid atá ag teastáil uait réidh agat sula dtosaíonn tú ar d'iarratas. Iarrfar ort doiciméid tacaíochta shaoránachta a uaslódáil; tá treoir ina leith seo le fáil thíos faoi 'Sonraí Pearsanta'.
Brúigh 'Lean ar aghaidh leis an Iarratas'.

### Céim 3: Líon isteach an Fhoirm Chláraithe

Tá ceithre chuid san fhoirm:

**a. Sonraí Pearsanta**

- Céad Ainm(neacha) agus Sloinne: Líon isteach d'ainm reatha.
- Seanainm nó Ainmneacha Eile: Líon isteach d'ainm nuair a bhronnadhdo chéim ort. Ní fhoilseofar an t-eolas seo ar Chlár na dToghthóirí ach d'fhéadfadh sé cabhru chun do thaifead a aithint. Seans gur úsáid tú d'ainm i nGaeilge nó gur úsáid tú sloinne eile.
- Seoladh Ríomhphoist Reatha: bain úsáid as do sheoladh ríomhphoist reatha a úsáideanntú go rialta.
- Saoránacht: Uaslódáil doiciméad mar chruthúnas saoránachta (PDF nó JPG, 16MB ar a mhéad). Glactar leis na doiciméid seo:
  a. Leathanach grianghraif de phas bailí Éireannach
  nó
  b. Deimhniú Eadóirseachta

  *Sa chás nach bhfuil tú in ann pas Éireannach bailí nó teastas eadóirsithe a chur ar fáil mar chuid de d'iarratas, téigh i dteagmháil le applications@SeanadVoter.ie.*

- Uimhir PSP: Tabhair:
    a. Do UPSP (Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí)
       nó
    b. Foirm Fhinnéithe chomhlánaithe (PDF nó JPG, 16MB ar a mhéad)

**b. Sonraí Seoladh**

- Ní mór duit do sheoladh reatha agus seoladh le haghaidh na bpáipéar ballóide a sholáthar. Is féidir an seoladh céanna a úsáid. Foilseofar an dá sheoladh ar Chlár na dToghthóirí.

**c. Sonraí Cáilíochta**

- Féadfaidh tú suas le dhá chéim a chur isteach le haghaidh deimhnithe.
- Iarrfar ort na sonraí seo a leanas maidir le do chéim a thabhairt:
    a. Foras Deimhnithe: An institiúid a bhfuil taifead do cháilíochta aici.
    b. Institiúid ar Fhreastail tú uirthi: An ollscoil, coláiste nó institiúid ar leith a ndearna tú staidéar ann.
    c. Bliain na Céime: An bhliain ar bhain tú céim amach nó nuair a bhí do shearmanas bronnta agat.
    d. Teideal Iomlán na Céime: Ainm do cháilíocht acadúil (m.sh. BA sa Stair, MSc san Altranas, PhD sa Bhitheolaíocht).
    e. Uimhir Mhic Léinn: Roghnach, má tá sé ar fáil.
- Más céimí OÉ, TCD, nó an dá cheann thú, agus más mian leat a bheith curtha san áireamh chun vótáil in aon chorrthoghcháin a thiocfaidh chun cinn sa thoghlach seo, roghnaigh an bosca cuí le haghaidh OÉ agus/nó TCD.

**d. Dearbhuithe**

- Déan athbhreithniú agus deimhnigh go cúramach an dá dhearbhú.

Líon isteach na réimsí éigeantacha go léir, na codanna go léir atá marcáilte le réiltín (*).
Cuir isteach d'iarratas.

### Céim 4: Cuir isteach d'Iarratas

Nuair a bheidh gach cuid críochnaithe agat, cuir isteach an t-iarratas.
Gheobhaidh tú ríomhphost admhála ag dearbhú go bhfuarthas d'iarratas.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn má tá ceist agat.
Bheadh áthas orainn cúnamh a thabhairt duit.

applications@SeanadVoter.ie
+353 (1) 439 2424
VótálaíSeanad.ie, BOSCA P.O. 13784, Baile Átha Cliath 2, Éire